www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**January 2011**

# Matamaitic

## Modúl N5 Páipéar 2
## (Le hÁireamhán)
## Bonnsraith



**[GMN52]**

**DÉ hAOINE 14 EANÁIR**

**10.45 am – 11.45 am**

GMN52

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas abheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a+b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Cad é an luas atá á léiriú ar an luasmhéadar ag **A**?




Freagra __________ km/u [1]

**(b)** Cad é an teocht atá á léiriú ar an teirmiméadar ag B?




Freagra ____________ °C [1]

**(c)** **(i)** Tig leis na scálaí thíos meáchan a thomhas a fhad le 5 kg.

Cad é an meáchan, ina **ghraim**, atá á léiriú ar na scálaí ag **C**?




Freagra ________________ g [1]

**(ii)** Tarraing saighead le 2.1 kg a léiriú. [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Is é £7.90 san uair an bunráta pá atá ag Máire. Ar an Satharn, faigheann sí $1\frac{1}{2}$ uair an bunráta pá atá aici.
Bhí Máire ag obair ar feadh 20 uair an chloig san iomlán ón Luan go dtí an Aoine agus ar feadh 4 uair an chloig ar an Satharn.
Ríomh pá Mháire don tseachtain.

Freagra £ ____________ [4]

**(b)** An tseachtain chéanna bhí Seosamh ag obair ar feadh 6 uair an chloig gach lá ar an Mháirt, ar an Chéadaoin, ar an Déardaoin agus ar an Aoine. Faigheann Seosamh £8.50 san uair.
Cén duine acu a shaothraigh an pá is mó agus cad é an difear a bhí idir an dá phá?

Freagra Shaothraigh ___________ agus bhí _____________sa difear [3]

**3** **(a)** Tarraing frithchaitheamh an chrutha sa líne scátháin. [2]



www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tarraing na línte siméadrachta uilig ar gach ceann de na cruthanna anseo thíos.




[1]

[1]

**(c)** Scáthaigh cearnóg amháin le go mbeidh siméadracht rothlach ag an chruth thíos.



[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Is leis an fhoirmle seo thíos a ríomhtar an costas atá ar Niteoir Cumhachta a fháil ar cíos ó chomhlacht áirithe ar feadh roinnt laethanta

Costas ar Cíos (£) = 25 + 45 × An Líon Laethanta

**(i)** Ríomh an costas atá ar an Niteoir Cumhachta a fháil ar cíos ar feadh 3 lá.

Freagra £ ____________ [2]

**(ii)** Abair go bhfuil £300 agat. Cad é an líon is mó laethanta a bheifeá ábalta an Niteoir Cumhachta a fháil ar cíos?

Freagra ____________ [2]

**(b)** Is féidir an fhoirmle seo thíos a úsáid leis an mheán "M" do dhá uimhir X agus Y a ríomh

$$M = \frac{X + Y}{2}$$

Ríomh M nuair atá X = 4.6 agus Y = 6.2

Freagra ____________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)**




Cad é an dath

**(i)** is dóchúla nach stopfaidh an rothlóir air?

Freagra _____________ [1]

**(ii)** is dóchúla a stopfaidh an rothlóir air?

Freagra _____________ [1]

**(b)** Díoladh 100 ticéad i gcrannchur. Bhí na huimhreacha 1 go 100 ar na ticéid seo. Ríomh an dóchúlacht gur ticéad os cionn 40 a bhain an chéad duais.

Freagra _____________ [2]

**(c)** Bhí 21 diosca istigh i mála agus bhí litir ar gach ceann de na dioscaí. Bhí an litir A ar 9 gcinn acu, bhí an litir G ar 7 gcinn acu agus bhí an litir W ar 5 cinn acu.

Roghnaigh dalta diosca amháin go randamach.

Ríomh, sna téarmaí is simplí, an dóchúlacht gurbh é an litir A a bhí ar an diosca.

Freagra _____________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** TÁBLA TIONTAITHE Ó CHEINTEAGRÁD (°C) GO FAHRENHEIT (°F)

| °C | –5 | 0 | 5 | 10 | 15 | 20 | 25 | 30 | 35 | 40 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| °F | 23 | 32 | 41 | 50 | 59 | 68 | 77 | 86 | 95 | 104 |

**(a)** Tarraing an graf tiontaithe anseo thíos. [3]




**(b)** An graf in úsáid agat, tiontaigh

**(i)** 28 °C ina °F

Freagra ______________ °F [1]

**(ii)** 55 °F ina °C

Freagra ______________ °C [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Scáthaigh **dhá** chearnóg ar an léaráid sa dóigh gur líne shiméadrachta í AB.




[2]

**(b)** **M A T H S**

As na litreacha san fhocal thuas, roghnaigh

**(i)** litir nach bhfuil aon línte siméadrachta aici.

Freagra _______________ [1]

**(ii)** litir a bhfuil siméadracht rothlach d'ord 2 aici.

Freagra _______________ [1]

**(c)** Tá líne chothrománach shiméadrachta amháin ag an fhocal iomlán thíos, mar a thaispeántar.




Scríobh **focal trí litir** eile a bhfuil líne chothrománach shiméadrachta amháin aige.

Freagra _______________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8**




Faigh achar an traipéisiam seo.
Scríobh do fhreagra ceart go dtí céim cruinnis chuí.

Freagra __________ $cm^2$ [3]

---

**9** **(a)** Ríomh an tsuim a bheidh ar infheistíocht £7200 de réir ús simplí 4.5% sa bhliain ar feadh 2 bhliain.

Freagra £ ____________ [3]

**(b)** Is é 1.5 milliún yen an costas atá ar charr sa tSeapáin.

Má tá euro amháin = 135.457 yen, ríomh costas an chairr chéanna ina euro.

Scríobh do fhreagra ceart go dtí an euro is cóngaraí.

Freagra = ____________________ euro [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** Taispeánann an tábla thíos cuid de na dóchúlachtaí go bhfaighfear dath ar rothlóir a bhfuil ceithre dhath air.

| Dath | Dearg | Gorm | Glas | Dubh |
|---|---|---|---|---|
| Dóchúlacht | 0.3 | 0.5 | 0.14 | |

Ríomh an dóchúlacht go bhfaighfear

**(a)** Dubh,

Freagra ______________ [2]

**(b)** Glas nó Gorm

Freagra ______________ [2]

**11** Gan ach rialóir agus compáis in úsáid agat, tóg déroinnteoir ingearach na líne PQ.
Taispeáin na línte tógála agat.




[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**12** Tá na huillinneacha i dtriantán sa chóimheas 4 : 5 : 6

Faigh suim an dá uillinn is lú.

Freagra ____________ º [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.